Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0280

Feabhas a chur ar an gcomhar póilíneachta i ndáil le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc, a bhrath agus a imscrúdú; feabhas a chur ar thacaíocht Europol ó thaobh coireanna den sórt sin a chosc agus a chomhrac

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Samhain 2025 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an gcomhar póilíneachta i ndáil le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, agus maidir le feabhas a chur ar thacaíocht Europol ó thaobh na coireanna sin a chosc agus a chomhrac agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794 (COM(2023)0754 – C9-0431/2023 – 2023/0438(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0754),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 85(1), d’Airteagal 87(2) agus d’Airteagal 88(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0431/2023),

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla ar an mbunús dlí atá beartaithe,

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) agus d’Airteagal 88(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don mheasúnú buiséadach ón gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Parlaimint na Sualainne, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á maíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na

coimhdeachta,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 10 Iúil 2024[1],

– ag féachaint don chomhaontú sealadach arna fhormheas de bhun Riail 75(4) dá Rialacha Nós Imeachta ag an gcoiste freagrach agus don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 8 Deireadh Fómhair 2025 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

– ag féachaint do Rialacha 60, 41 agus 58 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A10-0109/2025),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

[1] IO C, C/2024/6024, 23.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6024/oj.

P10_TC1-COD(2023)0438

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 25 Samhain 2025 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2025/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794 a mhéid a bhaineann le tacaíocht Europol a neartú agus an comhar póilíneachta a fheabhsú chun smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2025/2611.)